# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2014

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eolaíocht

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Pointí Ginearálta faoin Scéim Mharcála**

**1.** Ní thugtar ina lán cásanna ach príomhfhrásaí sa scéim mharcála. Sna pointí sin gheofar an fhaisnéis agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.

**2.** Ní liosta críochnaitheach iad an cur síos, na modhanna oibre ná na sainmhínithe a luaitear sa scéim agus tá glacadh le freagraí bailí eile.

**3.** Is é a chinneann an méid mionsonraí is gá a thabhairt i bhfreagra ar bith ná an comhthéacs, an chaoi ina gcuirtear an cheist agus an líon marcanna a shanntar don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D’fhéadfadh sé go mbeadh athrú air seo ó bhliain go bliain.

**4.** Léiríonn an focal (na focail) / an frása (na frásaí) a úsáidtear sa scéim na pointí a bheidh riachtanach i bhfreagra an iarrthóra. Úsáidtear soladas dúbailte (//) chun idirdhealú a dhéanamh idir phointí a mbronntar marcanna ar leith astu i gcuid den cheist. Is focail, leaganacha nó ráitis atá ina malairtí ar a chéile iad sin a bhfuil soladas (/) eatarthu agus tá an glacadh céanna leo araon maidir le pointe áirithe. Focal nó frása a thugtar idir lúibíní, is malairt focal nó frása é a bhfuil an glacadh céanna leis agus atá leis an bhfocal nó leis an bhfrása a théann roimhe. Tabhair do d’aire, áfach, nach mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, gan iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú ann, níl cead na marcanna a bhronnadh.

**5.** Tá an glacadh céanna, go ginearálta, le hainm nó le foirmle dúile nó comhdhúile, ach amháin i gcásanna ina n-iarrtar go sonrach sa cheist an t-ainm nó an fhoirmle a thabhairt. Ina ainneoin sin, i roinnt cásanna arb é an t-ainm a iarrtar, is féidir glacadh leis an bhfoirmle mar mhalairt air sin. Soiléirítear seo laistigh den scéim.

**6.** Dealaítear marc amháin ar son gach botún uimhríochta a dhéanann iarrthóir i ríomh ar bith. An luach a ríomhadh go mícheart, má úsáidtear ‘i gceart’ é i ríomh eile, ba cheart na marcanna don ríomh eile a bhronnadh.

## BITHEOLAÍOCHT

| | | |
|---|---|---|
| Ceist 1 | | (7 × 6 + 1 × 10) |
| Ceist 2 | (*a*) | (24) |
| | (*b*) | (15) |
| Ceist 3 | (*a*) | (15) |
| | (*b*) | (6), (6), (12) |

## CEIMIC

| | | |
|---|---|---|
| Ceist 4 | | (7 × 6 + 1 ×10) |
| Ceist 5 | (*a*) | (12) |
| | (*b*) | (9) |
| | (*c*) | (18) |
| Ceist 6 | (*a*) | (6) |
| | (*b*) | (18) |
| | (*c*) | (15) |

## FISIC

| | | |
|---|---|---|
| Ceist 7 | | (7 × 6 + 1 ×10) |
| Ceist 8 | (*a*) | (18) |
| | (*b*) | (12) |
| | (*c*) | (9) |
| Ceist 9 | (*a*) | (6) |
| | (*b*) | (9) |
| | (c) | (24) |

## Bitheolaíocht (130 MARC)

**Ceist 1** (52)

(*a*) cill phlanda (3)

cillbhalla // clóraplastaí // folúisín mór //
cruth/struchtúr dronuilleogach/rialta/cinnte/docht/socraithe (3)

(*b*)(*i*) ionfhabhtú a throid // antasubstaintí a tháirgeadh // baictéir a shlogadh (a scriosadh) // frídíní a mharú (3)

(*ii*) ocsaigin a iompar (3)

(*c*)(*i*) fual/uisce/salainn/úiré a eisfhearadh (ón bhfuil) // fuil a scagadh // mún a tháirgeadh // osmairialú (3)

(*ii*) uisce // sala(i)nn // úiré // fual (3)

(*d*)(*i*) antrasc // plá bhúbónach // calar // diftéire // nimhiú bia // meiningíteas // niúmóine // sifilis // teiteanas // céislínteas // eitinn // tíofóideach *etc.* (3)

(*ii*) deilgneach // slaghdán // spuaicí slaghdáin // VEID // SEIF // fliú // bruitíneach // meiningíteas // leicneach // niúmóine // polaimiailítis *etc.* (3)

(*e*)(*i*) hiodrocsaíd sóidiam // sulfáit chopair // tartráit sóidiam potaisiam // dé-úiréit (imoibrí/tuaslagán) (3)

(*ii*) vialait / corcra *(ná glac le "gorm" ná "gormdhubh" ná "dúghorm")* (3)

(*f*) (*i*) cnámh droma / dromlach / veirteabra(í) a bheith ann (3)

(*ii*) tomhaltóir (3)

(*g*)(*i*) 23 (3)

(*ii*) DNA (aigéad dí-ocsairibeanúicléasach) // próitéin (3)

(*h*)(*i*) **A** i bhfeadán fallópach (3)

(*ii*) **B** sa bhroinn/san útaras (3)

(*iii*) aon mhodh frithghiniúna ainmnithe **(2)**

míniú ceart **(2)**

**Ceist 2** (39)

(*a*)(*i*) ga (3)

ulna (3)

(*ii*) crapann/giorraítear an bícéips/**X** (agus ligtear/fadaítear an tríchéips/**Y**) (3)

crapann/giorraítear an tríchéips/**Y** (agus ligtear/fadaítear an bícéips/**X**) (3)

(*iii*) le ballnaisc a cheanglaítear cnámha dá chéile (3)

le teanntáin a cheanglaítear cnámha le matáin (3)

(*iv*) alt bacánach *(glac le "alt sionóibhiach")* (3)

(*v*) alt comhtháite (3)

(*b*)(*i*) réigiúin os cionn/faoi bhun an lionsa a thaispeántar (3)

(*ii*) athraíonn sé cruth an lionsa // ceartú (3)

(*iii*) ligeann sé do sholas dul isteach sa tsúil (3)

(*iv*) de néaróg chéadfach (3)

**Bronn 6 mharc as an gcéad fhreagra ceart in 2 (b)**

**Ceist 3** (39)

(*a*)(*i*) cuir sulfáit chopair (ainhidriúil)/$CuSO_4$ leis // cuir clóiríd chóbailt (páipéar) /$CoCl_2$ leis (3)

iompaíonn sé (ó bhán go) gorm // iompaíonn sé (ó ghorm go) bándearg *(glac le dearg)* (3)

*(ná glac le neamhréir idir na nithe thuas)*

(*ii*) le cinntiú go dtagann an t-uisce ó dhuilleoga/ó phlanda // le cinntiú nach dtagann an t-uisce ón ithir (3)

(*iii*) trasghalú (3)

(*iv*) xiléim (3)

(*b*)(*i*) **X** in antar (3)

**Y** in ubhagán (3)

(*ii*) meallann (peitil dhaite) feithidí // iompraíonn siad pailin // pailniú **(6)**

(*iii*) **<u>Luaigh *nó* taispeáin</u>**

síolta, olann chadáis thirim, ar oscailt don aer in aon cheann de **ABC** (3)

síolta, olann chadáis thais, ar oscailt don aer in aon cheann eile de **ABC,** coimeádta i gcuisneoir (3)

síolta, olann chadáis le huisce <u>beirithe</u> (fuaraithe) agus sraith olla sa tríú ceann de **ABC** (3)

síolta, olann chadáis thais, ar oscailt don aer in **D** (3)

[Ní mór lipéad <u>amháin</u> ar a laghad, a rinne an dalta, a bheith ar an léaráid; bain [3] mharc as mura gcuirtear léaráid lipéadaithe ar fáil]

## Ceimic (130 MARC)

**Ceist 4** (52)

(*a*)(*i*) substaint ianach bhailí ar bith, e.g. clóiríd sóidiam (3)

(*ii*) tá saoirse gluaiseachta ag na luchtanna (3)

(*b*)(*i*) uisce nach furasta sobal a dhéanamh ann (le gallúnach) (3)

(*ii*) é a bheiriú // a dhriogadh // a ianmhalartú // dí-ianaitheoir // carbónáit sóidiam (sóid níocháin / salann folctha) (3)
*(ná glac le táirge ainmnithe)*

(*c*) clóiríd chailciam // dé-ocsaíd charbóin // uisce (2 × 3)

(*d*) laghdú ar thruailliú/ar dhramhaíl // laghdú ar an ngá le hamhábhair a astarraingt/ a tháirgeadh // tógann sé an tamall fada ar phlaisteach dianscaoileadh // is rud mímhaiseach é plaisteach a fheiceáil i láthair líonta talún *etc.* (2 × 3)
*(dhá chúis shonracha ar bith)*

(*e*)(*i*) cabhrú leis na cáithníní socrú // cabhrú le cáithníní beaga greamú dá chéile ina ndosáin (3)

(*ii*) na fiacla a choimeád sláintiúil (3)

(*f*) (*i*) iarann nó cruach a chosaint ar mheirg / meirg a chosc (3)

(*ii*) Zn (3)

(*g*)(*i*) tuaslagán a bhfuil an tiúchan is airde de thuaslagáit ann (ag teocht áirithe ar bith) (3)

(*ii*) criostail (de shulfáit chopair a thiocfaidh amach as an tuaslagán) (3)

(*h*)(*i*) de bhrí go n-imoibríonn sé le hocsaigin/le huisce / nár chóir é a nochtadh d’ocsaigin/d’uisce (3)

(*ii*) litiam // potaisiam // rubaidiam // caeisiam // frainciam (3)

(*iii*) hidrigin **(2)**

(*iv*) dónn sé le ‘pop’ (ard) **(2)**

**Ceist 5** (39)

(*a*)(*i*) comhdhlúthadán (Liebig) (3)

(*ii*) chun an ghal a chomhdhlúthú/a fhuarú (3)

(*iii*) driogáit (3)

(*iv*) dóire Bunsen // teophláta // seastán (freangáin) // feadánra // gráinníní frithphreabarnaí (3)

(*b*)(*i*) meascán de mhiotail (le dúile eile) (3)

(*ii*) is féidir cruth a chur air/leatháin thanaí a dhéanamh as ach é a bhualadh/le casúr (3)

(*iii*) copar (3)

(*c*)(*i*) **A –** buiréad (3)

**B –** pípéad (3)

(*ii*)

| | | | |
|---|---|---|---|
| litmeas | // oráiste meitile | // feanóltailéin *etc.* | (3) |
| dearg | // dearg | // gan dath *(ná glac le "glan/glé")* | (3) |
| gorm | // buí | // bándearg | (3) |

*(ní mór na freagraí meaitseáilte a thabhairt)*

(*iii*) HCl + NaOH → NaCl + $H_2O$ (3)

**Ceist 6** (39)

(*a*)(*i*) nítrigin (3)

(*ii*) carbón dé-ocsaíd // uisce (gal) // argón // neon // héiliam // crioptón // meatán // radón (3)

(*b*)(*i*) sárocsaíd hidrigine (3)

(*ii*) substaint lena n-athraítear ráta an imoibrithe ach nach n-ídítear é san imoibriú (3)

dé-ocsaíd mhangainéise // iaidíd photaisiam (3)

dubh // bán (3)

*(ná glac le neamhréir idir na nithe thuas)*

(*iii*) intuaslagtha (den chuid is mó) in uisce // gan a bheith chomh dlúth le huisce (3)

athlasann sé birín beo (3)

(*c*)(*i*) adaimh den ... dúil // den uimhir adamhach // den líon prótón céanna (3)

ach nach ionann a ... // maisuimhir // líon neodrón (3)

*(<u>ní</u> gá na freagraí meaitseáilte a thabhairt)*

(*ii*) ocht gcinn / 8 (3)

(*iii*) an t-adamh (na hadaimh) léirithe, ag taispeáint eagar 2, 6 ar na leictreoin (3)

forluí na leibhéal fuinnimh amuigh agus ceithre leictreon i bpáirt acu, dhá cheann as gach adamh (3)

## Fisic (130 MARC)

**Ceist 7** (52)

| | | |
|---|---|---|
| (*a*) | brú = fórsa ÷ achar *(luaite nó intuigthe)* | (3) |
| | 40000 (Pa) | (3) |
| (*b*) | thitfeadh leibhéal an alcóil/an leachta | (3) |
| | crapann alcól/leacht (nuair a fhuaraíonn sé) | (3) |
| (*c*) | taistealaíonn solas i línte díreacha // athraontar solas | (2 × 3) |
| (*d*)(*i*) | éiríonn an tairne maighnéadach | (3) |
| (*ii*) | piocfaidh sé suas píosaí beag iarainn/cruach // bíonn tionchar aige ar chompás | (3) |
| (*e*) | ní féidir le fuaim taisteal ach trí mheán/ábhar // tagairt cheart d'fholús | **(6)** |
| (*f*) | an chéad bhosca – talmhú *(<u>ná</u> glac le dath)* | **(2)** |
| | an dara bosca – neodrach *(<u>ná</u> glac le dath)* | **(2)** |
| | an tríú bosca – beo *(<u>ná</u> glac le dath)* | **(2)** |
| (*g*) | an canna bán // an canna ar chlé | (3) |
| | gathaítear teas níos fearr ó dhromchla dubh ná ó dhromchla bán // ní ghathaítear teas chomh maith céanna ó dhromchla bán | (3) |
| (*h*)(*i*) | obair = fórsa × fad *(luaite nó intuigthe)* | (3) |
| | 96000 (J) | **(2)** |
| (*ii*) | am = fad ÷ luas *(luaite nó intuigthe)* | (3) |
| | 1508 (s) // 25.1 (nóiméad) // 480π (s) | **(2)** |

**Ceist 8** (39)

(*a*)(*i*) de bhrí nach bhfuil úlla chomh dlúth le huisce (3)

(*iii*) **<u>Luaigh *nó* taispeáin</u>**

aimsigh mais an úill ag úsáid meá (maise/leictreonach) (3)

sorcóir céimnithe le huisce // canna sceite líonta le huisce (3)

úll báite (3)

difríocht idir na toirteanna uisce // toirt bailithe ó channa sceite (3)

dlús = mais ÷ toirt (3)

[Ní mór lipéad <u>amháin</u>, ar a laghad, a bheith ar an léaráid; bain [3] mharc as mura gcuirtear léaráid lipéadaithe ar fáil]

(*b*)(*i*) leacht (3)

(*ii*) solad (3)

(*iii*) cailliúint teasa // teas folaigh // athrú ar staid // gan aon athrú ar an teocht (3)

**Bronn 6 mharc as an gcéad fhreagra ceart in 8 (b)**

(*c*)(*i*) tugann solas na gréine ar phlandaí fuinneamh/breosla (ceimiceach) a dhéanamh // fótaisintéis (3)

(*ii*) galaíonn uisce le solas na gréine chun frasaíocht/báisteach a thabhairt (3)

**Bronn 6 mharc as an gcéad fhreagra ceart in 8 (c)**

**Ceist 9** (39)

(*a*) tagairt cheart don fhrithchuimilt // uisce ag gníomhú mar bhealadh **(6)**

(*b*)(*i*) aimpmhéadar (3)

(*ii*) voltmhéadar *(ná glac le "voltaiméadar")* (3)

(*iii*) dé-óid astaithe solais (3)

(*c*)(*i*) pointí sonraí a bhreacadh i gceart **(5 × 1)**

cuar a thaispeánann dáileadh maith **(4)**
*(déan neamhaird de réigiún an chuair a tarraingíodh gar don bhunphointe)*

(*ii*) méadaíonn an fhriotaíocht (3)

(*iii*) friotaíocht ≈ 1200 (Ω) (3)
*(glac le freagraí atá ag teacht leis an gcuar tarraingthe; ná bronn marc ar bith murar tarraingíodh graf)*

(*iv*) ráiteas ceart ar bith ar dhlí Ohm *(i bhfocail nó i siombailí)* (3)

sruth = 6 ÷ 1200 = 0.005 (A) (3)
*(glac le freagraí atá ag teacht le luach na friotaíochta ó chuid (iii) thuas)*

(*v*) teastaíonn sruth níos lú ón DSA // is lú an méid fuinnimh a chailltear mar theas sa DSA (3)

**Critéir Mharcála le haghaidh Obair Chúrsa B (AL) – BITHEOLAÍOCHT**

| | **Treoir maidir leis an tasc a mharcáil** | |
|---|---|---|
| **Marc Iomlán** | **Déan fiosrúchán chun comparáid a dhéanamh idir na caíonna a dtéann pH i bhfeidhm ar thionchar catalaíoch na heinsíme *cataláis*, atá le fáil (a) sa soilire agus (b) in ae ainmhithe, ar an ráta ar a mbristear anuas sárocsaíd hidrigine.** | **Sannadh Marcanna** |
| **5** | <u>**Réamhrá leis an bhfiosrúchán**</u><br><br>**1 (i) Ráiteas ar an bhfadhb/ar an topaic atá le fiosrú / sainaithint na faidhbe/na topaice atá le fiosrú:**<br><br>**1 (ii) Taighde cúlra**<br>*<u>Aon</u> tagairt amháin do leabhar nó don idirlíon nó do dhuine a ndeachthas i gcomhairle leis/léi nó fianaise ar thaighde* | (2)<br><br>(3) |
| **20** | <u>**Ullmhúchán agus pleanáil**</u><br><br>**2 (i) Sainaithin athróga ábhartha agus cóimheastóirí riachtanacha ar bith**<br>*Sainaithin <u>sé</u> athróg (<u>dhá</u> athróg éigeantacha agus <u>ceithre</u> athróg ar bith eile) agus/nó cuir in iúl conas is gá roinnt díobh a rialú nó a choinneáil seasta*<br><br>*Athróga éigeantacha*<br>• pH<br>• an cineál fíocháin (soilire nó ae)<br><br>*Athróga eile (ceithre athróg ar bith)*<br>• toirt/airde/mais an gháis/an tsobail a táirgeadh<br>• am/ráta<br>• teocht<br>• toirt/mais/tiúchan/toise an fhíocháin/na cataláise a úsáideadh<br>• toirt/mais an tuaslagáin mhaolánaigh a úsáideadh<br>• toirt/mais an tuaslagáin ghallúnaí/na gallúnaí a úsáideadh<br>• toirt/mais na sárocsaíde hidrigine a úsáideadh<br>• tiúchan na sárocsaíde hidrigine a úsáideadh<br>• méid/cruth an choimeádáin<br><br>**2 (ii) Liosta den trealamh atá ag teastáil don fhiosrúchán**<br>*Sainaithin <u>cúig</u> phíosa trealaimh ar bith a bhaineann leis an modh oibre*<br><br>**2 (iii) Liosta tascanna le cur i gcrích le linn an fhiosrúcháin**<br>*Sainaithin <u>ceithre</u> thasc ar bith a cuireadh i gcrích san fhiosrúchán*<br>• fíocháin agus/nó tuaslagáin a fháil<br>• pH a shocrú (e.g. trí thuaslagán maolánach a chur leis)<br>• sárocsaíd hidrigine a chur leis an bhfíochán<br>• an fachtóir a léiríonn an ráta a thomhas (an t-athrú ar thoirt/airde /mhais san am roghnaithe a thomhas *nó* an t-am a thógann an t-athrú roghnaithe ar thoirt/airde/mhais a thomhas)<br>• sonraí a thaifeadadh/a bhreacadh ar ghraf<br>• an turgnamh a dhéanamh arís le haghaidh luachanna pH eile<br>• an turgnamh a dhéanamh arís le haghaidh an dara fíochán | (2 + 2)<br><br>(1 + 1 + 2 + 2)<br><br>(5 × 1)<br><br>(1 + 1 + 1 + 2) |

| | | |
|---|---|---|
| **20** | **<u>Modh Oibre, Trealamh, Sábháilteacht, Bailiú Sonraí/Tuairimí</u>**<br><br>**3 (i) Réamhchúraimí sábháilteachta**<br>*Sainaithin <u>dhá</u> réamhchúram sábháilteachta ar bith a leanadh*<br><br>**3 (ii) & (iii) An modh oibre a leanadh san fhiosrúchán** *(luaigh nó taispeáin)*<br><br>*Sainaithin <u>seacht</u> mbeart ar bith a rinneadh agus an fiosrúchán á dhéanamh*<br>• fíochán a mhionghearradh/a ullmhú<br>• toirt an tuaslagáin de shárocsaíd hidrigine a thomhas<br>• mais/toirt/toise an fhíocháin a thomhas<br>• toirt an tuaslagáin mhaolánaigh a thomhas<br>• mais/toirt an tuaslagáin ghallúnaí/na gallúnaí a thomhas<br>• pH an tuaslagáin mhaolánaigh agus/nó an mheascáin a thomhas / a thabhairt faoi deara<br>• gaireas a eagrú chun an gás táirgthe a bhailiú agus/nó a thomhas<br>• tuaslagáin a chur i ndabhach uisce / an teocht a thomhas<br>• tuaslagáin agus fíochán a mheascadh<br>• toirt/airde/mais an gháis táirgthe a thomhas<br>• an t-am a thóg sé a thomhas<br>• sonraí a thaifeadadh/a bhreacadh ar ghraf<br>• trealamh a ghlanadh/a thriomú lena athúsáid<br>• an turgnamh a dhéanamh arís le haghaidh an pH agus na bhfíochán céanna (chun na sonraí a fhíorú)<br>• an turgnamh a dhéanamh arís le haghaidh pH difriúil<br>• an turgnamh a dhéanamh arís le haghaidh fíochán difriúil<br>• rátaí na n-imoibrithe a ríomh<br><br>**3 (iv) Sonraí Taifeadta / Tuairimí**<br>*Sainaithin <u>dhá</u> thacar sonraí*<br>• tionchar an pH ar chataláis soilire<br>• tionchar an pH ar chataláis ae | <br><br><br>(2 + 3)<br><br><br><br><br>(1 + 1 + 1 + 1 + 2 + 2 + 2)<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>(2 + 3) |
| **20** | **<u>Anailís</u>**<br><br>**4 (i) Áirimh / Anailís ar shonraí**<br>*Anailís ábhartha ar shonraí nó áirimh nó gra(i)f*<br>• Ionramháil/léiriú teoranta sonraí<br>• Ionramháil/léiriú maith sonraí<br>• Ionramháil/léiriú sármhaith sonraí<br><br>**4 (ii) Conclúid(í) agus Anailís ar Thoradh (Thorthaí)**<br>*Conclúid(í) ábhartha agus meastóireacht ar thoradh (thorthaí)*<br>• Láimhseáil theoranta<br>• Láimhseáil mhaith<br>• Láimhseáil shármhaith | <br><br><br><br>(4)<br>(7)<br>(10)<br><br><br><br>(4)<br>(7)<br>(10) |
| **10** | **<u>Tuairimí</u>**<br><br>*<u>Dhá</u> thuairim ar mhionchoigeartú nó ar fhairsingiú nó ar fhoinsí earráide etc.*<br>• Tuiscint theoranta<br>• Tuiscint mhaith<br>• Tuiscint shármhaith | <br><br><br>(1)<br>(3) } × 2<br>(5) |

**Critéir Mharcála le haghaidh Obair Chúrsa B (AL) – CEIMIC**

<table>
<tr><td></td><td>Treoir maidir leis an tasc a mharcáil</td><td></td></tr>
<tr><td>Marc Iomlán</td><td>Deán fiosrúchán chun comparáid a dhéanamh idir na caíonna a n-athraíonn intuaslagthacht (a) clóiríd photaisiam agus (b) carbónáit sóidiam (ainhidriúil) in uisce, leis an teocht.</td><td>Sannadh Marcanna</td></tr>
<tr><td>5</td><td><u>Réamhrá leis an bhfiosrúchán</u><br><br>1 (i) Ráiteas ar an bhfadhb / ar an topaic atá le fiosrú / sainaithint na faidhbe/na topaice atá le fiosrú:<br><br>1 (ii) Taighde cúlra<br><u>Aon</u> tagairt amháin do leabhar nó don idirlíon nó do dhuine a ndeachthas i gcomhairle leis/léi nó fianaise ar thaighde</td><td><br><br>(2)<br><br>(3)</td></tr>
<tr><td>20</td><td><u>Ullmhúchán agus pleanáil</u><br><br>2 (i) Sainaithin athróga ábhartha agus cóimheastóirí riachtanacha ar bith<br>Sainaithin <u>ceithre</u> athróg (<u>dhá</u> athróg éigeantacha agus <u>dhá</u> athróg ar bith eile) agus/nó cuir in iúl conas is gá roinnt díobh a rialú nó a choinneáil seasta<br><br>Athróga éigeantacha<br>• teocht<br>• cineál an tsalainn (clóiríd photaisiam nó carbónáit sóidiam)<br><br>Athróga eile (aon dá cheann)<br>• an toirt uisce a úsáidtear<br>• an mhais salainn a úsáidtear<br>• tiúchan/intuaslagthacht an tsalainn<br>• méid/cruth an choimeádáin<br><br>2 (ii) Liosta den trealamh atá ag teastáil don fhiosrúchán<br>Sainaithin <u>cúig</u> phíosa trealaimh ar bith a bhaineann leis an modh oibre<br><br>2 (iii) Liosta tascanna le cur i gcrích le linn an fhiosrúcháin<br>Sainaithin <u>ceithre</u> thasc ar bith a cuireadh i gcrích san fhiosrúchán<br>• salainn a fháil<br>• uisce a théamh<br>• salann agus uisce a mheascadh<br>• fachtóir a léiríonn intuaslagthacht a thomhas (an mhais uasta a tuaslagadh sa toirt roghnaithe ag an teocht roghnaithe a thomhas nó an toirt íosta is gá chun an mhais roghnaithe a thuaslagadh ag an teocht roghnaithe a thomhas nó an teocht íosta is gá chun an mhais roghnaithe a thuaslagadh sa toirt roghnaithe a thomhas)<br>• sonraí a thaifeadadh/a bhreacadh ar ghraf<br>• an turgnamh a dhéanamh arís le haghaidh teochtaí eile<br>• an turgnamh a dhéanamh arís le haghaidh an dara salann</td><td><br><br><br><br><br><br><br>(3 + 3)<br><br><br><br>(2 + 2)<br><br><br><br><br><br><br>(5 × 1)<br><br>(1 + 1 + 1 + 2)</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **20** | **<u>Modh Oibre, Trealamh, Sábháilteacht, Bailiú Sonraí/Tuairimí</u>**<br><br>**3 (i) Réamhchúraimí sábháilteachta**<br>*Sainaithin <u>dhá</u> réamhchúram sábháilteachta ar bith a leanadh*<br><br>**3 (ii) & (iii) An modh oibre a leanadh san fhiosrúchán** *(luaigh nó taispeáin)*<br><br>*Sainaithin <u>seacht</u> mbeart ar bith a rinneadh agus an fiosrúchán á dhéanamh*<br>• mais an tsalainn a úsáideadh a thomhas<br>• toirt an uisce/an tuaslagáin a thomhas<br>• teocht an tuaslagáin a thomhas<br>• uisce/tuaslagán a théamh<br>• uisce/tuaslagán a fhuarú (nó ligean dó fuarú)<br>• salann a mheilt<br>• salann agus uisce a mheascadh<br>• an meascán a chorraí chun an salann a thuaslagadh san uisce<br>• sáithiú an tuaslagáin a nótáil<br>• sonraí a thaifeadadh/a bhreacadh ar ghraf<br>• trealamh a ghlanadh/a thriomú lena athúsáid<br>• an turgnamh a dhéanamh arís le haghaidh an tsalainn/na maise/ na toirte/na teochta céanna (chun na sonraí a fhíorú)<br>• an turgnamh a dhéanamh arís le haghaidh mais/toirt/teocht dhifriúil<br>• an turgnamh a dhéanamh arís le haghaidh salann eile<br>• an intuaslagthacht a ríomh<br><br>**3 (iv) Sonraí Taifeadta / Tuairimí**<br>*Sainaithin <u>dhá</u> thacar sonraí*<br>• intuaslagthacht clóiríd photaisiam<br>• intuaslagthacht carbónáit sóidiam | <br><br>(2 × 3)<br><br><br><br><br>(1 + 1 + 1 + 1 + 2 + 2 + 2)<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>(2 + 3) |
| **20** | **<u>Anailís</u>**<br><br>**4 (i) Áirimh / Anailís ar shonraí**<br>*Anailís ábhartha ar shonraí nó áirimh nó gra(i)f*<br>• Ionramháil/léiriú teoranta sonraí<br>• Ionramháil/léiriú maith sonraí<br>• Ionramháil/léiriú sármhaith sonraí<br><br>**4 (ii) Conclúid(í) agus Anailís ar Thoradh (Thorthaí)**<br>*Conclúid(í) ábhartha agus meastóireacht ar thoradh (torthaí)*<br>• Láimhseáil theoranta<br>• Láimhseáil mhaith<br>• Láimhseáil shármhaith | <br><br><br><br>(4)<br>(7)<br>(10)<br><br><br><br>(4)<br>(7)<br>(10) |
| **10** | **<u>Tuairimí</u>**<br><br>*<u>Dhá</u> thuairim ar mhionchoigeartú nó ar fhairsingiú nó ar fhoinsí earráide etc.*<br>• Tuiscint theoranta<br>• Tuiscint mhaith<br>• Tuiscint shármhaith | <br><br><br>(1) } × 2<br>(3)<br>(5) |

**Critéir Mharcála le haghaidh Obair Chúrsa B (AL) – FISIC**

| | **Treoir maidir leis an tasc a mharcáil** | |
|---|---|---|
| **Marc Iomlán** | **Déan fiosrúchán chun comparáid a dhéanamh idir na caíonna a dtéann siad seo i bhfeidhm ar ráta sreafa solaid phúdraithe nó ghránaithe trí thonnadóir: (a) méid na gcáithníní den solad agus (b) ceann ar bith de thoisí an tonnadóra.** | **Sannadh Marcanna** |
| **5** | **Réamhrá leis an bhfiosrúchán**<br><br>**1 (i) Ráiteas ar an bhfadhb / ar an topaic atá le fiosrú / sainaithint na faidhbe / na topaice atá le fiosrú**<br><br>**1 (ii) Taighde cúlra**<br>*Aon tagairt amháin do leabhar nó don idirlíon nó do dhuine a ndeachthas i gcomhairle leis/léi nó fianaise ar thaighde* | (2)<br><br>(3) |
| **20** | **Ullmhúchán agus pleanáil**<br><br>**2 (i) Sainaithin athróga ábhartha agus cóimheastóirí riachtanacha ar bith**<br>*Sainaithin ceithre athróg (dhá athróg éigeantacha agus dhá athróg ar bith eile) agus/nó cuir in iúl conas is gá roinnt díobh a rialú nó a choinneáil seasta*<br><br>*Athróga éigeantacha*<br>• aon toise ainmnithe den tonnadóir (ar toise athraitheach é)<br>• cáithnín ar mhéid athraitheach (*glac le "solad difriúil/éagsúil"*)<br><br>*Athróga eile (aon dá cheann)*<br>• mais/toirt/líon na gcáithníní<br>• am/ráta<br>• toise ainmnithe amháin eile de thonnadóir (nach toise athraitheach é) (*glac le "an tonnadóir céanna"*)<br>• an airde ónar doirteadh an solad<br>• an solad céanna (*mar chóimheastóir*)<br><br>**2 (ii) Liosta den trealamh atá ag teastáil don fhiosrúchán**<br>*Sainaithin cúig phíosa trealaimh ar bith a bhaineann leis an modh oibre*<br><br>**2 (iii) Liosta tascanna le cur i gcrích le linn an fhiosrúcháin**<br>*Sainaithin ceithre thasc ar bith a cuireadh i gcrích san fhiosrúchán*<br>• solaid a fháil<br>• tonnadóirí a shocrú ar shlí oiriúnach<br>• ligean do cháithníní soladacha sreabhadh tríd an tonnadóir<br>• an fachtóir a léiríonn an ráta a thomhas (an t-athrú ar thoirt/mhais /líon na gcáithníní san am roghnaithe a thomhas *nó* an t-am a thógann an t-athrú roghnaithe ar thoirt/mhais/líon na gcáithníní a thomhas)<br>• sonraí a thaifeadadh/a bhreacadh ar ghraf<br>• an turgnamh a dhéanamh arís le haghaidh solaid eile<br>• an turgnamh a dhéanamh arís le haghaidh toisí eile den tonnadóir | (3 + 3)<br><br>(2 + 2)<br><br>(5 × 1)<br><br>(1 + 1 + 1 + 2) |

| | | |
|---|---|---|
| **20** | **<u>Modh Oibre, Trealamh, Sábháilteacht, Bailiú Sonraí/Tuairimí</u>**<br><br>**3 (i) Réamhchúraimí sábháilteachta**<br>*Sainaithin <u>dhá</u> réamhchúram sábháilteachta ar bith a leanadh*<br><br>**3 (ii) & (iii) An modh oibre a leanadh san fhiosrúchán** *(luaigh nó taispeáin)*<br><br>*Sainaithin <u>seacht</u> mbeart ar bith a rinneadh agus an fiosrúchán á dhéanamh*<br>• tonnadóir(í) a thógáil<br>• toise (athraitheach) an tonnadóra a thomhas<br>• méid an cháithnín a thomhas<br>• an tonnadóir a theanntú ina áit<br>• sreabhadh na gcáithníní a thástáil<br>• cáithníní soladacha a chur sa tonnadóir<br>• cáithníní soladacha a chosc ó shreabhadh<br>• ligean do cháithníní soladacha sreabhadh<br>• mais/toirt/líon na gcáithníní a thomhas<br>• an t-am a thóg sé a thomhas<br>• sonraí a thaifeadadh/a bhreacadh ar ghraf<br>• trealamh a ghlanadh/a thriomú lena athúsáid<br>• an turgnamh a dhéanamh arís le haghaidh an toise chéanna den tonnadóir agus an tsolaid chéanna (chun na sonraí a fhíorú)<br>• an turgnamh a dhéanamh arís le haghaidh cáithnín soladach ar mhéid eile<br>• an turgnamh a dhéanamh arís le haghaidh toise eile den tonnadóir<br>• rátaí sreafa a ríomh<br><br>**3 (iv) Sonraí Taifeadta / Tuairimí**<br>*Sainaithin <u>dhá</u> thacar sonraí*<br>• an ráta le haghaidh méid athraitheach cáithnín<br>• an ráta le haghaidh toise athraitheach den tonnadóir | (2 + 3)<br><br><br><br>(1 + 1 + 1 + 1 + 2 + 2 + 2)<br><br><br><br>(2 + 3) |
| **20** | **<u>Anailís</u>**<br><br>**4 (i) Áirimh / Anailís ar shonraí**<br>*Anailís ábhartha ar shonraí nó áirimh nó gra(i)f*<br>• Ionramháil/léiriú teoranta sonraí<br>• Ionramháil/léiriú maith sonraí<br>• Ionramháil/léiriú sármhaith sonraí<br><br>**4 (ii) Conclúid(í) agus Anailís ar Thoradh (Thorthaí)**<br>*Conclúid(í) ábhartha agus meastóireacht ar thoradh (thorthaí)*<br>• Láimhseáil theoranta<br>• Láimhseáil mhaith<br>• Láimhseáil shármhaith | <br><br><br><br>(4)<br>(7)<br>(10)<br><br><br><br>(4)<br>(7)<br>(10) |
| **10** | **<u>Tuairimí</u>**<br><br>*<u>Dhá</u> thuairim ar mhionchoigeartú nó ar fhairsingiú nó ar fhoinsí earráide etc.*<br>• Tuiscint theoranta<br>• Tuiscint mhaith<br>• Tuiscint shármhaith | (1)<br>(3) } × 2<br>(5) |

**Critéir Mharcála le haghaidh Obair Chúrsa B (AL) – FIOSRÚCHÁN AN IARRTHÓRA FÉIN**

| | | |
|---|---|---|
| 10 | **Réamhrá leis an bhfiosrúchán**<br>**1 (i) Ráiteas ar an bhfadhb / ar an topaic atá le fiosrú / sainaithint na faidhbe / na topaice atá le fiosrú:**<br>• Láimhseáil theoranta<br>• Láimhseáil mhaith<br>• Láimhseáil shármhaith<br>**1 (ii) Taighde cúlra**<br>*Dhá thagairt ar bith do leabhar nó don idirlíon nó do dhuine a ndeachthas i gcomhairle leis/léi nó fianaise ar thaighde* | <br><br>(2)<br>(4)<br>(6)<br><br>(2 + 2) |
| 40 | **Ullmhúchán agus pleanáil**<br>**2 (i) Sainaithin athróg ábhartha ar bith agus cóimheastóirí riachtanacha**<br>*Sainaithin ocht n-athróg (dhá athróg éigeantacha – a bhaineann le teideal an fhiosrúcháin – agus sé athróg ar bith eile) agus/nó cuir in iúl conas is gá roinnt díobh a rialú nó a choinneáil seasta*<br>[Mura mbaineann athróga/cóimheastóirí le cineál an fhiosrúcháin atá á dhéanamh bronn 6 mharc as é sin a lua, ansin coigeartaigh an trealamh go (8 × 2) agus na tascanna go (6 × 3)]<br>**2 (ii) Liosta den trealamh atá ag teastáil don fhiosrúchán**<br>*Sainaithin ocht bpíosa trealaimh ar bith a bhaineann leis an modh oibre*<br>**2 (iii) Liosta tascanna le cur i gcrích le linn an fhiosrúcháin**<br>*Sainaithin sé thasc ar bith a cuireadh i gcrích san fhiosrúchán* | (4 + 4)<br>(6 × 2)<br><br>(8 × 1)<br><br>(6 × 2) |
| 40 | **Modh Oibre, Trealamh, Sábháilteacht, Bailiú Sonraí/Tuairimí**<br>**3 (i) Réamhchúraimí sábháilteachta**<br>*Sainaithin ceithre réamhchúram sábháilteachta ar bith a leanadh*<br>**3 (ii) & (iii) An modh oibre a leanadh nuair a bhí an fiosrúchán ar siúl**<br>*(luaigh nó taispeáin)*<br>*Sainaithin dhá bheart déag ar bith a rinneadh agus an fiosrúchán á dhéanamh*<br><br>**3 (iv) Sonraí Taifeadta / Tuairimí**<br>*Sainaithin ocht bpointe sonraí ar bith* | (4 × 2)<br><br>(4 × 1) + (4 × 2) + (4 × 3)<br><br>(8 × 1) |
| 40 | **Anailís**<br>**4 (i) Áirimh / Anailís ar shonraí**<br>*Dhá thuairim ábhartha anailíse ar shonraí nó áirimh nó gra(i)f*<br>• Ionramháil/léiriú teoranta sonraí<br>• Ionramháil/léiriú maith sonraí<br>• Ionramháil/léiriú sármhaith sonraí<br>**4 (ii) Conclúid(í) agus Anailís ar Thoradh (Thorthaí)**<br>*Dhá chonclúid ábhartha agus measúnú ar thorthaí*<br>• Láimhseáil theoranta<br>• Láimhseáil mhaith<br>• Láimhseáil shármhaith | <br><br>(4), (7), (10) } × 2<br><br>(4), (7), (10) } × 2 |
| 20 | **Tuairimí**<br>*Ceithre thuairim ar mhionchoigeartú nó ar fhairsingiú nó ar fhoinsí earráide etc.*<br>• Tuiscint theoranta<br>• Tuiscint mhaith<br>• Tuiscint shármhaith | (1), (3), (5) } × 4 |